2007. M97T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH 2007 – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.30

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI SEO A LEANAS:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) Samhlaigh go bhfuil taighde á dhéanamh agat, le haghaidh tionscadail ar chuardach bhrí na beatha sa lá inniu.

i. Scríobh breac-chuntas ar **dhá** shampla de bhealaí ar féidir cuardach bhrí na beatha a fheiceáil in ealaín, i litríocht, i gceol nó i gcultúr na n-óg sa lá inniu. (20 marc)






ii. Mínigh **dhá** chúis a bhféadfadh deacracht a bheith ag duine agus é/í ag cuardach brí sa bheatha sa lá inniu. (20 marc)

b) *Ó anallód d'fhorbair an fhealsúnacht i sraith de mhóimintí tábhachtacha.*

Sainaithin móimint thábhachtach **amháin** i bhforbairt na fealsúnachta agus tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhorbair smaointeoireacht na fealsúnachta ag an am sin. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) "*Tá ocras spioradálta, nach raibh ann riamh roimhe seo, i saol an lae inniu.*"

- John O'Donoghue *Anam Chara*

Tabhair breac-chuntas ar conas atá cuardach na spioradáltachta soiléir i saol an lae inniu. (40 marc)

b) ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Roghnaigh **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas agus déan próifíl den tuiscint atá acu ar an 'tarchéimnitheach' i ngach ceann díobh. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**


a) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuir bás agus aiséirí Chríost isteach ar na chéad Chríostaithe. (20 marc)

b) i. Déan cur síos ar íomhá **amháin** d'Íosa a chuirtear in iúl sa chultúr nua-aimseartha. (20 marc)

ii. Scrúdaigh an tuiscint d'Íosa a chuirtear in iúl san íomhá a bhfuil cur síos déanta uirthi thuas agus pléigh a hábharthacht do shaol an lae inniu. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**



a) Déan cur síos ar fhís an tslánaithe / na fuascailte atá molta ag an dá reiligiún seo:

i. An Chríostaíocht (20 marc)

ii. An Giúdachas (20 marc)

b) ◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan comparáid idir fís an tslánaithe/na fuascailte atá molta ag ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus fís an tslánaithe/na fuascailte atá molta ag an gCríostaíocht *nó* ag an nGiúdachas. (40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a) agus b).**



a) Ó anallód tá daoine buartha faoi cheisteanna an chirt agus na héagóra.

- NA hEABHRAIGH
- NA GRÉAGAIGH
- NA RÓMHÁNAIGH

Déan cur síos ar cheist mhorálta, a raibh daoine i gcás fúithi, i gceann **amháin** de na sean-sibhialtachtaí. (20 marc)

b) Sa lá inniu tá daoine i gcás go morálta faoi roinnt ceisteanna:

- COIR AGUS PIONÓS
- EITIC LEIGHIS
- POLAITÍOCHT AGUS EACNAMAÍOCHT
- CAIDRIMH AGUS GNÉASACHT
- FORÉIGEAN

i. Roghnaigh **dhá** cheann de na ceisteanna thuas agus déan cur síos ar conas atá daoine i gcás go morálta faoi gach ceann díobh sa lá inniu. (30 marc)

ii. Tabhair breac-chuntas ar an seasamh a ghlacann traidisiún reiligiúnach amháin ar gach ceann de na ceisteanna a bhfuil cur síos déanta agat orthu i gcuid *b)i* thuas. (30 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**

### ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA


**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar na tréithe a bhaineann le traidisiún mistiúil **amháin,** a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

b) Déan próifíl de shaol agus de shaothar mistigh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

*Is trí scéalta a chuirtear críonnacht glúine amháin ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.*




Déan plé ar thábhacht na scéalta do phobal creidimh amháin.
Déan tagairt i do fhreagra do scéal **amháin** ó scrioptúir na nEabhrach *nó* ó na scrioptúir Chríostaí.

(80 marc)

### ROINN I REILIGIÚN: AN CLEACHTADH ÉIREANNACH

D'fhorbair an reiligiún in Éirinn i sraith de mhóimintí tábhachtacha:

- REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS TALAMH
- REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS MANACHAS
- REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS LEASUITHE
- REILIGIÚN AGUS TUAIRIMÍ NA hEAGNAÍOCHTA
- REILIGIÚN IN ÉIRINN SA LÁ INNIU



Roghnaigh **dhá** cheann de na móimintí tábhachtacha thuas agus pléigh an méid a thug gach ceann díobh d'fhorbairt an reiligiúin in Éirinn.

(80 marc)

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Freagair a) agus b).**

a) *Móimintí teannais sa ghaol idir an reiligiún agus an eolaíocht*

i. Tabhair breac-chuntas ar ócáid **amháin** ina raibh teannas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

(25 marc)

ii. Mínigh na cúiseanna a bhí leis an teannas idir an reiligiún agus an eolaíocht sa sampla atá tugtha agat thuas.

(25 marc)

b) Mínigh conas is féidir na teannais sa ghaol idir an reiligiún agus an eolaíocht a shárú leis an gcomhchaint.

(30 marc)

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**